Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 4 Meán Fómhair 2023**
**(OR. en)**

**12597/23**

**TRANS 335**
**DELACT 128**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 30 Lúnasa 2023 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | C(2023) 5721 final |
| Ábhar: | RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN an 30.8.2023 lena leasaítear Treoir (AE) 2016/1629 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le haicmiú uiscebhealaí intíre de chuid an Aontais agus na híoscheanglais theicniúla is infheidhme maidir le hárthaí |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2023) 5721 final.

---

Faoi iamh: C(2023) 5721 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 30.8.2023
C(2023) 5721 final

# RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN

**an 30.8.2023**

**lena leasaítear Treoir (AE) 2016/1629 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le haicmiú uiscebhealaí intíre de chuid an Aontais agus na híoscheanglais theicniúla is infheidhme maidir le hárthaí**

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN GHNÍMH THARMLIGTHE

*1.1 Liosta d'uiscebhealaí intíre de chuid an Aontais arna roinnt go geografach i zóin 1, 2 agus 3*

Chun oibriú ar uiscebhealaí intíre, ní mór do shoithí deimhniú um loingseoireacht intíre a fháil lena ndeimhnítear go gcomhlíonann soitheach na ceanglais a leagtar amach i dTreoir (AE) 2016/1629 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meán Fómhair 2016 lena leagtar síos ceanglais theicniúla le haghaidh soithí uiscebhealaí intíre[1].

Bunaítear na ceanglais sin le haghaidh cineálacha éagsúla soithí, ag brath ar an zón oibríochtúil.

I gcomhréir le hAirteagal 4, tá uiscebhealaí intíre an Aontais roinnte i Zóin 1, 2, 3 agus 4 chun críocha Threoir (AE) 2016/1629. In Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir cuirtear liosta ar fáil d'uiscebhealaí de chuid an Aontais, arna roinnt i Zóin 1, 2 agus 3.

Ní chuirtear aon mhodheolaíocht ar fáil le Treoir (AE) 2016/1629 chun uiscebhealaí a roinnt i zóin, faoi na Ballstáit atá sé.

Mar phríomhriail, tá an t-idirdhealú sin bunaithe ar na ceanglais tógála le haghaidh soithí i ndáil leis an tonnairde a d'fhéadfadh a bheith i zóin. Is iondúil gur limistéir mhóra uisce (e.g. lochanna móra) agus uiscí farraige a bhíonn i gceist le Zóin 1 agus 2, inar féidir loingseoireacht intíre a oibriú. Zón bunúsach atá i Zón 3 lena gcumhdaítear na príomhaibhneacha san Aontas (an Réin, an Danóib). Caitear leis an gcuid eile de na huiscebhealaí mar uiscebhealaí i Zón 4.

I gcomhréir le hAirteagal 4(2), féadfaidh an Coimisiún Iarscríbhinn I a leasú chun aicmiú uiscebhealaigh a mhodhnú bunaithe ar iarraidh ón mBallstát lena mbaineann, maidir le huiscebhealaí ina chríoch.

D'iarr an Fhrainc ar an gCoimisiún an cur síos ar Zón 1 ina chríoch a shoiléiriú.

D'iarr an Ghearmáin ar an gCoimisiún modhnú a dhéanamh ar Zóin 1, 2 agus 3 d'uiscebhealaí ina críoch.

*1.2 Íoscheanglais theicniúla is infheidhme i dtaca le hárthaí ar uiscebhealaí intíre Zóin 1, 2, 3 agus 4*

*1.2.1 An Coiste Eorpach um ullmhú Caighdeán i réimse na Loingseoireachta Intíre (CESNI)*

Is eagraíocht idirnáisiúnta é an Lárchoimisiún um Loingseoireacht ar an Réin (CCNR) a bhfuil inniúlachtaí rialála aige maidir le cúrsaí loingseoireachta intíre ar an Réin. Tá ceithre Bhallstát de chuid an Aontais (an Bheilg, an Fhrainc, an Ghearmáin agus an Ísiltír) agus an Eilvéis ina bpáirtithe in CCNR.

In 2015, d'fhormheas CCNR cruthú agus feidhmiú an Choiste Eorpaigh um ullmhú Caighdeán i réimse na Loingseoireachta Intíre. Sa mhisean atá ag CCNR cuimsítear caighdeáin theicniúla a ghlacadh sa loingseoireacht intíre i réimsí éagsúla, go háirithe maidir le soithí, le teicneolaíocht faisnéise agus criú, léirmhíniú comhionann na gcaighdeán sin agus

[1] Treoir (AE) 2016/1629 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meán Fómhair 2016 lena leagtar síos ceanglais theicniúla do shoithí uiscebhealaí intíre, lena leasaítear Treoir 2009/100/CE agus lena n-aisghairtear Treoir 2006/87/CE (IO L 252, 16.9.2016, lch. 118).

na nósanna imeachta comhfhreagracha, chomh maith le plé ar shábháilteacht loingseoireachta, ar chosaint an chomhshaoil nó ar réimsí eile den loingseoireacht.

Tá CESNI comhdhéanta de shaineolaithe a dhéanann ionadaíocht ar Bhallstáit CCNR a bhfuil cearta vótála acu ar bhonn vóta amháin in aghaidh an Stáit.

Níl an tAontas ina bhall de CCNR ná de CESNI. Is féidir leis, áfach, páirt a ghlacadh in obair CESNI, agus in obair eagraíochtaí idirnáisiúnta eile a gcuimsítear ina misean na réimsí lena mbaineann CESNI, gan cearta vótála.

Tá taithí nach beag gnóthaithe ag CCNR i dtaca le ceanglais theicniúla a bhunú le haghaidh soithí uiscebhealaí intíre. Tá an saineolas is gá ag CESNI, a bunaíodh faoi chuimsiú CCNR agus le rannpháirtíocht ó cheithre Bhallstát de chuid an Aontais Eorpaigh agus ón Eilvéis, chun caighdeáin is coiteann do ghréasán iomlán na n-uiscebhealaí intíre san Aontas Eorpach a tharraingt suas.

Sula nglacfaidh Coiste CESNI caighdeán nua ES-TRIN, déantar an nós imeachta i gcomhréir le hAirteagal 218(9) CFAE a thabhairt i gcrích. Le Cinneadh (AE) 2022/1962 ón gComhairle an 13 Deireadh Fómhair 2022 maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh laistigh den Choiste Eorpach um ullmhú Caighdeán i réimse na Loingseoireachta Intíre (CESNI) agus laistigh den Lárchoimisiún um Loingseoireacht ar an Réin maidir le caighdeáin a ghlacadh i ndáil le soithí uiscebhealaí intíre agus seirbhísí faisnéise abhann[2], cuireadh ar bun an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais laistigh den Choiste Eorpach um ullmhú caighdeán i réimse na loingseoireachta intíre (CESNI) an 13 Deireadh Fómhair 2022. Is é an seasamh a glacadh comhaontú le glacadh an Chaighdeáin Eorpaigh lena leagtar síos Ceanglais Theicniúla le haghaidh soithí Uiscebhealaí Intíre ('caighdeán ES- TRIN') 2023/1.

*1.2.2 An caighdeán Eorpach lena leagtar síos ceanglais theicniúla le haghaidh soithí uiscebhealaí intíre (ES-TRIN)*

Ceann de na caighdeáin a bhunaigh CESNI is ea an caighdeán Eorpach lena leagtar síos ceanglais theicniúla le haghaidh soithí uiscebhealaí intíre (ES-TRIN). Leis an gcaighdeán sin leagtar síos ceanglais theicniúla aonfhoirmeacha atá riachtanach chun sábháilteacht soithí uiscebhealaí intíre a áirithiú. Áirítear ann forálacha maidir leis an longthógáil, an feistiú agus trealamh le haghaidh soithí uiscebhealaí intíre, forálacha speisialta maidir le haicmí sonracha soithí, forálacha maidir le haitheantas soithigh, samhail de na deimhnithe agus samhail den chlár, agus forálacha idirthréimhseacha chomh maith le treoracha maidir leis an gcaighdeán teicniúil a chur i bhfeidhm.

Glacadh an chéad leagan de ES-TRIN 2015/1 ag cruinniú CESNI an 26 Samhain 2015.

Déantar caighdeán ES- TRIN a nuashonrú go tráthrialta i bhfianaise obair mheithleacha CESNI agus rinneadh an tagairt don leagan is déanaí san Aontas (2017[3], 2019[4], 2021[5]) agus i reachtaíocht CCNR.

---

2 IO L 270, 18.10.2022, lch. 62.

3 Treoir Tharmligthe (AE) 2018/970 ón gCoimisiún an 18 Aibreán 2018 lena leasaítear Iarscríbhinní II, III agus V a ghabhann le Treoir (AE) 2016/1629 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos ceanglais theicniúla le haghaidh soithí uiscebhealaí intíre (IO L 174, 10.7.2018, lch. 15).

4 Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/1668 ón gCoimisiún an 26 Meitheamh 2019 lena leasaítear Treoir (AE) 2016/1629 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos ceanglais theicniúla le haghaidh soithí uiscebhealaí intíre (IO L 256, 7.10.2019, lch. 1).

5 Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/1308 ón gCoimisiún an 28 Aibreán 2021 lena leasaítear Iarscríbhinní I agus II a ghabhann le Treoir (AE) 2016/1629 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a

Tá gá le caighdeán ES-  TRIN a nuashonrú go rialta ar mhaithe leis na rudaí seo a leanas:

- ardleibhéal na sábháilteachta sa loingseoireacht intíre a choimeád ar bun,
- an éabhlóid theicniúil a leanúint (e.g. cábán stiúrach, trealamh loingseoireachta),
- comhoiriúnacht le creat dlíthiúil an Aontais a áirithiú (mar shampla, an rialachán maidir le hInnealra Soghluaiste nach Innealra Bóthair é).

Ghlac CESNI an leagan nuashonraithe de ES-TRIN 2023/1 ag an gcruinniú an 13 Deireadh Fómhair 2022. Ionchorpraítear leasuithe éagsúla san eagrán sin, go háirithe leasuithe maidir leis na réimsí a leanas:

- Breoslaí íseal-splancphointe agus cealla breosla,
- Seaicéid tarrthála,
- Córais iarchóireála,
- Bailiú fuíolluisce,
- Córais comhraicthe dóiteáin bhuanshuiteáilte chun rudaí a chosaint,
- Árthaí áineasa,
- Innill liáin leictreacha atá taobh thiar den bhulcaid deiridh,
- Innill atá i seirbhís a dheisiú,
- Cábáin stiúracha in-aistarraingthe,
- Suiteálacha loingseoireachta radair agus táscairí ráta iompaithe,
- Tagairtí do ES-RIS 2023/1 a nuashonrú,
- Ancairí speisialta a bhfuil mais laghdaithe iontu,

ach leasuithe eagarthóireachta freisin.

*1.2.3 Comhsheasmhacht na réimeanna dlíthiúla maidir le ceanglais theicniúla*

In Iarscríbhinn II a ghabhann le Treoir (AE) 2016/1629 áirítear tagairt dhíreach do chaighdeán ES-TRIN 2021/1.

Chun a áirithiú go mbeidh comhsheasmhacht ann idir dhá réim dhlíthiúla atá ann cheana maidir le ceanglais theicniúla le haghaidh soithí loingseoireachta intíre (réim CCNR agus réim an Aontais), is iomchuí ES-TRIN 2023/1 a chur in ionad an chaighdeáin ES-TRIN 2021/1 agus foráil a dhéanamh maidir leis an dáta céanna cur i bhfeidhm. Beidh feidhm ag ES-TRIN 2023/1 faoi dhlí an Aontais agus Rialacháin CCNR amhail ón 1 Eanáir 2024.

## 2. COMHAIRLIÚCHÁIN ROIMH GHLACADH AN GHNÍMH

I gcomhréir le hAirteagal 32 de Threoir (AE) 2016/1629, sula nglacfaidh an Coimisiún Gníomh Tarmligthe rachaidh sé i mbun comhairliúcháin le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos sa Chomhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr an 13 Aibreán 2016. Chuathas i gcomhairle le comhaltaí ghrúpa saineolaithe an Choimisiúin maidir le ceanglais theicniúla le haghaidh soithí uiscebhealaí intíre maidir leis an dréachtghníomh tarmligthe.

---

bhaineann le modhnú liosta uiscebhealaí intíre an Aontais agus na híoscheanglais theicniúla is infheidhme maidir le hárthaí (IO L 284, 9.8.2021, lgh. 1–13).

## 3. EILIMINTÍ DLÍ AN GHNÍMH THARMLIGTHE

*3.1 Liosta d'uiscebhealaí intíre de chuid an Aontais arna roinnt go geografach i zóin 1, 2 agus 3*

In Iarscríbhinn I cuirtear liosta ar fáil d'uiscebhealaí de chuid an Aontais, arna roinnt i Zóin 1, 2 agus 3.

I gcomhréir le hAirteagal 4(2), tugtar de chumhacht don Choimisiún Gníomhartha Tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 32 i dtaca le leasuithe ar Iarscríbhinn I, ar mhaithe le haicmiú uiscebhealaigh a mhodhnú, lena n-airítear uiscebhealaí a áireamh nó a dhí-áireamh. Ní fhéadfar a leithéidí sin de leasuithe ar Iarscríbhinn I a dhéanamh ach amháin nuair a iarrfaidh an Ballstát atá i gceist a leithéid, maidir le huiscebhealaí ina chríoch féin.

Is iomchuí Iarscríbhinn I a leasú bunaithe ar iarrataí ón bhFrainc agus ón nGearmáin aicmiú uiscebhealaí a mhodhnú ina gcríoch.

*3.2 An tagairt do ES-TRIN a thabhairt cothrom le dáta*

Tagraíonn Iarscríbhinn II a ghabhann le Treoir (AE) 2016/1629 do ES-TRIN 2021/1 maidir le ceanglais theicniúla is infheidhme le haghaidh soithí. I gcomhréir le hAirteagal 31(1) den Treoir sin, tugtar de chumhacht don Choimisiún an tagairt sin a nuashonrú chuig an leagan is déanaí de ES-TRIN agus dáta a chur i bhfeidhm a shocrú. Áirithítear leis an ngníomh tarmligthe an nuashonrú ábhartha agus socraítear ann dáta chur i bhfeidhm an chaighdeáin an 1 Eanáir 2024, dáta a fhreagraíonn do dháta chur i bhfeidhm ES-TRIN 2023/1 faoi Rialacháin CCNR.

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 30.8.2023**

**lena leasaítear Treoir (AE) 2016/1629 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le haicmiú uiscebhealaí intíre de chuid an Aontais agus na híoscheanglais theicniúla is infheidhme maidir le hárthaí**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir (AE) 2016/1629 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meán Fómhair 2016 lena leagtar síos ceanglais theicniúla le haghaidh soithí uiscebhealaí intíre, lena leasaítear Treoir 2009/100/CE agus lena n-aisghairtear Treoir 2006/87/CE[6], agus go háirithe Airteagal 4(2) agus Airteagal 31(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Treoir (AE) 2016/1629 bunaítear córas comhchuibhithe chun deimhnithe teicniúla a eisiúint le haghaidh soithí uiscebhealaí intíre a chomhlíonann ceanglais theicniúla aontaithe.

(2) In Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir (AE) 2016/1629 leagtar amach liosta d’uiscebhealaí intíre de chuid an Aontais arna roinnt go geografach i Zóin 1, 2 agus 3.

(3) Ní fhéadfar aicmiú uiscebhealaí a mhodhnú, lena n-áirítear uiscebhealaí a chur leis agus a scriosadh, ach amháin ar iarraidh ón mBallstát lena mbaineann, le haghaidh uiscebhealaí ina chríoch.

(4) D’iarr Poblacht na Fraince modhnú ar aicmiú na n-uiscebhealaí i Zón 1 ina críoch. Go háirithe, sholáthair sé na suíomhanna beachta agus cur síos ar Zón 1 sa Fhrainc.

(5) D’iarr Poblacht Chónaidhme na Gearmáine modhnú ar liosta na n-uiscebhealaí i Zóin 1, 2 agus 3 ina críoch. Go háirithe, shonraigh sí na huiscebhealaí i Zóin 2 agus 3 ina críoch agus rinne sí cur síos orthu, sholáthair sí míleáiste mhionsonraithe na hEilbe agus cur síos soiléir ar bhéal aibhneacha sonracha.

(6) Thairis sin, leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann le Treoir (AE) 2016/1629 gurb iad na ceanglais theicniúla is infheidhme maidir le hárthaí ar uiscebhealaí Zóin 1, 2 agus 3 de chuid an Aontais na ceanglais sin a leagtar amach i gcaighdeán ES- TRIN 2021/1. Le caighdeán ES-TRIN leagtar síos ceanglais theicniúla aonfhoirmeacha is gá chun sábháilteacht soithí loingseoireachta intíre a áirithiú, ag cur san áireamh an cineál soithigh, lena n-áirítear an zón ina n-oibríonn sé. Dá bhrí sin, d’fhéadfadh tionchar a bheith ag athruithe sna Zóin laistigh de na Ballstáit ar infheidhmeacht ES-TRIN sna réimsí sin.

(7) Le gníomhaíocht de chuid an Aontais in earnáil na loingseoireachta intíre, ba cheart é a bheith mar aidhm an aonfhoirmeacht a áirithiú agus ceanglais theicniúla á bhforbairt le haghaidh soithí uiscebhealaí intíre san Aontas.

---

6 IO L 252, 16.9.2016, lch. 118.

(8) An Coiste Eorpach um ullmhú caighdeán i réimse na loingseoireachta intíre (“CESNI”), bunaíodh é an 3 Meitheamh 2015 faoi chuimsiú an Lárchoimisiúin um Loingseoireacht ar an Réin (“CCNR”) chun caighdeáin theicniúla a fhorbairt le haghaidh uiscebhealaí intíre i réimsí éagsúla, go háirithe maidir le soithí, teicneolaíocht faisnéise agus criú.

(9) Ag an gcruinniú a bhí ag CESNI an 13 Deireadh Fómhair 2022, glacadh leagan nua den Chaighdeán Eorpach lena leagtar síos Ceanglais Theicniúla le haghaidh soithí Loingseoireachta Intíre, is é sin ES-TRIN 2023/1[7]. Áirítear sa chaighdeán nua forálacha maidir le longthógáil, feistiú agus trealamh le haghaidh soithí loingseoireachta intíre, forálacha speisialta maidir le haicmí sonracha soithí amhail soithí paisinéirí, conbhuanna a bhrúitear agus soithí coimeádáin, forálacha maidir le trealamh an chórais aitheantais uathoibríoch, forálacha maidir le haitheantas soithí, samhail de na deimhnithe agus samhail den chlár, agus forálacha idirthréimhseacha chomh maith le treoracha maidir leis an gcaighdeán teicniúil a chur i bhfeidhm.

(10) Ba cheart, dá bhrí sin, Treoir (AE) 2016/1629 a leasú dá réir sin.

(11) Chun go mbeidh na Ballstáit in ann a rialacha inmheánacha maidir le comhlachtaí teicniúla agus cigireachta a chur in oiriúint do ES-TRIN 2023/1 nua, ba cheart cur i bhfeidhm ES-TRIN 2023/1 a chur siar,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Treoir (AE) 2016/1629 mar a leanas:

(1) Cuirtear an téacs atá in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad Iarscríbhinn I;

(2) Cuirtear an téacs in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad Iarscríbhinn II.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm ag pointe 2 d’Airteagal 1 ón 1 Eanáir 2024.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 30.8.2023

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
*Ursula VON DER LEYEN*

7 Rún CESNI 2022-II-1.